



EP-PE_TC1-COD(2017)0123

4.4.2019

*****I**

SEASAMH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019 chun go nglacfaí Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil (EP-PE_TC1-COD(2017)0123)

PE607.220v01-00

SEASAMH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019

chun go nglacfaí Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³,

¹ IO C 197, 8.6.2018, lch. 38.

² IO C 176, 23.5.2018, lch. 57.

³ Seasamh ó Pharlaimint an hEorpa an 4 Aibreán 2019.

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Léiríodh le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009¹ agus Rialachán (CE) Uimh 1072/2009² go raibh deis leis na rialacha dá dtagraítear sna rialacháin sin feabhas a dhéanamh maidir le roinnt pointí.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle (IO L 300, 14.11.09, lch. 51).

² Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar (IO L 300, 14.11.2009, lch. 72).

- (2) Go dtí seo, agus mura ndéantar foráil dóibh sa dlí náisiúnta, ní bhíonn feidhm ag na rialacha i dtaca le rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar maidir le gnóthais atá ag gabháil do ghairm an oibreora tarlaithe de bhóthar trí bhíthin mótarfeithiclí nach mó a mais ualaithe ceadaithe ná 3.5 tonna nó eónase feithiclí nach dtéann thar an teorainn sin, *lena n-áirítear leantóirí*. Tá méadú tagtha ar líon na ngnóthas den chineál sin atá ag feidhmiú in oibríochtaí iompair náisiúnta agus in oibríochtaí iompair idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá cinneadh déanta ag roinnt Ballstát na rialacha i dtaca le rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar a chur i bhfeidhm maidir leis na gnóthais sin, rialacha dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009. ***Chun lúba ar lár a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint agus*** chun íosleibhéal gairmiúlachta a áirithiú in earnáil a úsáideann feithiclí nach mó a ***mótarfeithiclí ag a bhfuil*** mais ualaithe ceadaithe ná 2.4 go 3.5 tonna, ***lena n-áirítear leantóirí, le haghaidh iompar idirnáisiúnta*** i bhfoirm comhrialacha, agus dá bhrí sin chun coinníollacha iomaíochta idir na hoibreoirí ar fad a mheas, ba cheart an fhoráil seo a bhaint, agus ag an am céanna ba cheart na ceanglais maidir le bunáocht éifeachtach chobhsaí agus seasamh airgeadais cuí a dhéanamh éigeantach ba cheart ***feidhm chomhionann a bheith ag*** na ceanglais ***maidir le gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar, agus ualach riaracháin díréireach a sheachaint san am céanna. Ós rud é nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo ach maidir le gnóthais a dhéanann earraí a iompar ar fruilíú nó ar luaíocht, ní chumhdaítear gnóthais a bhíonn ag gabháil d'oibríochtaí iompair ar a gcuntas féin faoin bhforáil seo.*** [Leasú 110]

- (2a) ***Ina mheasúnú tionchair, measann an Coimisiún go gcoigleoidh gnólachtaí idir EUR 2,7 agus 5,2 billiún sa tréimhse 2020-2035. [Leasú 111]***
- (3) Faoi láthair, tá na Ballstáit i dteideal ceanglais eile seachas na ceanglais a luaitear i Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 a chur ar rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar. Níor léiríodh go raibh géarghá leis an bhféidearthacht seo agus bhí éagsúlachtaí ann go dtí seo maidir le rochtain den sórt sin. Dá bhrí sin, ba cheart é a scriosadh.
- (4) ***Chun feiniméan na gcuideachtaí ‘caocha’ mar a thugtar orthu a chomhrac agus chun iomaíocht chóir agus cothrom iomaíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú, tá gá le critéir bhunaíochta níos soiléire, faireachán agus forfheidhmiú níos déine, agus comhar feabhsaithe idir na Ballstáit. Ba cheart go mbeadh fíorláithreach leanúnach ag oibreoírí iompair de bhóthar atá bunaithe i mBallstát sa Bhallstát sin agus go ndéanann siad a gcuid gnó ***iompair agus gníomhaíochtaí substaintiúla*** ón áit sin ***i ndáiríre***. Mar sin de, agus i bhfianaise na taithí a fuarthas, is gá na forálacha maidir le bunaíocht éifeachtach agus chobhsaí a bheith ann a shoiléiriú agus a neartú, agus ualach riaracháin díreireach a sheachaint san am céanna. [Leasú 112]***

- (5) Sa mhéid go mbraitheann rochtain ar an ngairm ar dea-cháil an ghnóthais lena mbaineann, is gá soléirithe a dhéanamh maidir leis na daoine ar chóir a gcuid iompair a chur san áireamh, maidir leis na nósanna imeachta riaracháin ar gá iad a leanúint agus na tréimhsí feithimh maidir le hathshlánú i gcás ina gcailleann bainisteoir iompair a dhea-cháil.
- (6) I bhfianaise an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar na coinníollacha maidir le hiomaíocht chóir sa mhargadh tarlaithe de bhóthar, ní foláir sáruithe tromchúiseacha ar rialacha náisiúnta cánach a chur leis na gnéithe atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar dhea-cháil.
- (7) I bhfianaise an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an margadh tarlaithe de bhóthar, chomh maith le cosaint shóisialta oibreoirí, ní foláir sáruithe tromchúiseacha ar dhlí an Aontais maidir le postú oibríthe, *cabatúiste* agus ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha a chur leis na gnéithe atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar dhea-cháil. **[Leasú 113]**
- (8) Mar gheall ar thábhacht na hiomaíochta córa ar an margadh, ba cheart sáruithe ar dhlí an Aontais atá ábhartha don cheist seo a chur san áireamh i measúnú ar dhea-cháil bhainisteoirí iompair agus ghnóthais iompair. Ba cheart cumhachtú an Choimisiúin leibhéal tromchúise sáruithe ábhartha a shoiléiriú dá réir.

- (9) Bhí deacrachtaí ag údaráis inniúla náisiúnta maidir le sainaitheint na ndoiciméad a bhféadfaidh gnóthais iompair a chur isteach chun a seasamh airgeadais a chruthú, go háirithe in éagmais cuntais dheimhnithe bhliantúla. Ba cheart soléiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir leis an bhfianaise a theastaíonn chun seasamh airgeadais a chruthú.
- (10) Gnóthais atá ag feidhmiú mar oibreoir tarlaithe de bhóthar trí bhíthin mótarfheithiclí ~~nach mó-a~~ **ag a bhfuil** mais ualaithe ceadaithe ná **idir 2.4 agus 3.5** tonna nó eónase feithiclí ~~nach dtéann thar an teorainn sin,~~ **lena n-áirítear leantóirí, agus a bhíonn ag gabháil d'oibríochtaí iompair idirnáisiúnta,** ba cheart ~~íosleibhéal~~ seasaimh airgeadais a bheith ag na gnóthais sin, chun a áirithiú go bhfuil na modhanna acu oibríochtaí a chur i gcrích ar bhonn cobhsaí agus fad-téarmach. Ós rud é, áfach, go mbíonn teorainn ar mhéid na n-oibríochtaí **a dhéantar leis na feithiclí sin** de ghnáth, níor cheart go mbeadh na ceanglais chomhfhreagracha chomh crua céanna leis na ceanglais is infheidhme ar oibreoirí a n-úsáideann feithiclí nó cónaisc fheithiclí thar an teorainn sin. **[Leasú 114]**

(11) Ba cheart an fhaisnéis faoi oibreoírí iompair atá sna cláir leictreonacha náisiúnta a bheith ~~chomh~~ hiomlán agus is féidir **agus cothrom le dáta** d'fhonn léargas leordhóthanach a bheith ag na húdaráis náisiúnta atá i gceannas ar fhorfheidhmiú na rialacha ábhartha maidir leis na hoibreoírí atá faoi imscrúdú. Go háirithe, le faisnéis maidir le cláruimhir na bhfeithiclí atá ag na hoibreoírí, méid na ndaoine atá á bhfostú acu **agus** grádú riosca na n-oibreoírí ~~agus an bhunfhaisnéis airgeadais ina leith~~, ba cheart go mbeadh forfheidhmiú náisiúnta agus trasteorainn níos fearr d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009, **mar aon le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais. Anuas air sin, chun forléargas soiléir agus iomlán ar na hoibreoírí iompair atá á seiceáil a thabhairt do na hoifigigh forfheidhmithe, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann na seiceálacha cois bóthair, ba cheart rochtain dhíreach agus fíor-ama a bheith acu ar an bhfaisnéis iomchuí ar fad. Dá bhrí sin, ba cheart na cláir leictreonacha náisiúnta a bheith fíor-idir-inoibritheach agus ba cheart rochtain dhíreach agus fíor-ama ar na sonraí atá iontu a bheith ag oifigigh forfheidhmithe ainmnithe ar fad na mBallstát ar fad.** Ba cheart na rialacha ar an gclár leictreonach náisiúnta a leasú dá réir. [Leasú 115]

- (12) An sainmhíniú maidir leis an sárú is tromchúisí a bhaineann le dul thar an teorainn tiomána laethúil, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, ní théann sé leis an bhforáil ábhartha atá ann cheana a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Leis an neamhréireacht cruthaítear éiginnteacht agus cleachtais éagsúla i measc údaráis náisiúnta agus cruthaítear deacrachtaí maidir le forfheidhmiú na rialacha atá i gceist. Ba cheart an sainmhíniú a shoiléiriú dá bharr sin chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an dá Rialachán.
- (13) Ba cheart go mbeadh na rialacha maidir le hiompar náisiúnta a dhéantar ar bhonn sealadach i mBallstát óstach ('cabatáiste'), ba cheart go mbeidís soiléir, simplí agus éasca a fhorfheidhmiú, agus ag an am céanna ba cheart go mbeadh an leibhéal léirseaoilte iontu a bheag nó a mhór mar an gcéanna. **[Leasú 116]**
- (14) ***Chun turais fholmha a sheachaint, ba cheart oibríochtaí cabatáiste a cheadú, faoi réir srianta sonracha, sa Bhallstát óstach.*** Chuige sin, agus d'fhonn seiceálacha a éascú agus chun éiginnteacht a sheachaint, ba cheart an teorainn ar uimhir na n-oibríochtaí cabatáiste i ndiaidh iompar idirnáisiúnta a scriosadh, agus ba cheart an líon laethanta atá ar fáil le haghaidh oibríochtaí den sórt sin a laghdú. **[Leasú 117]**

¹ Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).

(14a) Chun cosc a chur ar oibríochtaí cabatáiste a bheith á ndéanamh ar bhonn córasach, as a bhféadfadh gníomhaíocht bhuan nó leanúnach teacht a shaobhfadh an margadh náisiúnta, ba cheart an tréimhse atá ar fáil d'oibríochtaí cabatáiste i mBallstát óstach amháin a laghdú. Sa bhreis air sin, níor cheart cead a bheith ag tarlóirí oibríochtaí cabatáiste nua a dhéanamh sa Bhallstát óstach céanna laistigh de thréimhse áirithe agus go dtí go mbeidh iompar idirnáisiúnta nua a thagann ón mBallstát ina bhfuil an gnóthas bunaithe curtha i gcrích acu. Ní dochar an fhoráil seo d'oibríochtaí iompair idirnáisiúnta a bheith á ndéanamh.

[Leasú 118]

- (15) *Is réamhriachtanas é d’iomaíocht chóir sa mhargadh inmheánach go ndéanfaí na rialacha a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tá sé riachtanach tuilleadh digitithe a dhéanamh ar an bhforfheidhmiú chun an acmhainn forfheidhmithe a mhéadú, chun laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin neamhriachtanach ar oibreoirí iompair idirnáisiúnta agus go háirithe ar FBManna, agus chun díriú ar bhealach níos fearr ar oibreoirí iompair ardriosca agus chun cleachtais chalaioiseacha a bhrath. Chun go mbeidh doiciméid iompair saor ó pháipéar, ba cheart gurb í an riail a bheadh ann amach anseo ná go n-úsáidfí doiciméid leictreonacha, go háirithe an nóta coinsíneachta leictreonach faoin gCoinbhinsiún maidir leis an gConradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar (eCMR). Ba cheart na modhanna lenar féidir le hoibreoirí iompair de bhóthar a chruthú go bhfuil siad ag comhlíonadh na gceanglas maidir le hoibríochtaí cabatáiste a shoiléiriú. Ba cheart úsáid agus tarchur fhaisnéis leictreonach maidir le hiompair a aithint mar mhodh den sórt sin, agus ba cheart go mbeadh sé níos simplí do na húdaráis inniúla faisnéis ábhartha agus a láimhseáil a chur ar fáil dá réir. Ba cheart go ndéanfaí an fhormáidiú a úsáidfear chun na crích sin iontaofacht agus barántúlacht a áirithiú. Agus breithniú á dhéanamh ar mhalartú éifeachtach leictreonach faisnéise a bheith ag tarlú níos minice i gcúrsaí iompair agus lóistíochta, tá sé tábhachtach comhleanúnachas a áirithiú sna creata rialála agus sna forálacha lena dtugtar aghaidh ar shimpliú na nósanna imeachta rialacháin. [Leasú 119]*

(15a) Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí an tacagraf cliste isteach go tapa, mar cuirfidh sé ar chumas na n-údarás forfheidhmithe a dhéanann seiceálacha cois bóthair sárúithe agus neamhrialtachtaí a bhrath ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla, a mbeadh forfheidhmiú níos fearr an Rialacháin seo mar thoradh air.

[Leasú 120]

(16) Is iad gnóthais iompair seolaithe na rialacha ar iompar idirnáisiúnta agus mar sin, tá siad faoi réir iarmhairtí aon sárúithe a dhéanann siad. D'fhonn mí-úsáid a sheachaint ó ghnóthais atá ag coimisiúnú seirbhísí iompair ó oibreoirí tarlaithe de bhóthar, ba cheart do Bhallstáit foráil a dhéanamh do smachtbhannaí ar *choinsíneoirí*, sheoladóirí, agus ~~æ~~ sheoltóirí lasta, *conraitheoirí agus fochonraitheoirí i gcás inarb eol dóibh* go mbaineann sárúithe ar fhorálacha Rialacháin (CE) Uimh. 1072/2009 leis na seirbhísí iompair *a choimisiúnaíonn siad. Nuair a dhéanann gnóthais atá ag coimisiúnú seirbhísí iompair na seirbhísí sin a choimisiúnú ó ghnóthais iompair lena mbaineann rátáil ísealriosca, ba cheart an dliteanas atá orthu a laghdú.*

[Leasú 121]

- (16a) *Tá sé mar aidhm leis an Údarás Eorpach Saothair atá beartaithe tacú leis an gcomhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla náisiúnta, agus an méid sin a éascú, d'fhonn an dlí ábhartha de chuid an Aontais a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Agus é ag tacú le forfheidhmiú an Rialacháin seo, agus á éascú, is féidir leis an Údarás ról tábhachtach a imirt ó thaobh cabhrú leis an malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla, tacú leis na Ballstáit i dtaca le fothú acmhainneachta trí mhalartú foirne agus oiliúint, agus cabhrú leis na Ballstáit seiceálacha comhbheartaithe a eagrú. Chuirfeadh sé sin leis an iontaoibh fhrithpháirteach atá idir na Ballstáit, chuirfeadh sé feabhas ar an gcomhar éifeachtach idir na húdaráis inniúla agus chabhródh sé leis an gcomhrac in aghaidh calaoise agus mhí-úsáid na rialacha. [Leasú 122]*
- (16b) *Ba cheart an reachtaíocht maidir le hiompar de bhóthar a neartú chun a áirithiú go ndéanfar Rialachán na Róimhe I a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go cuí sa chaoi go gcuirfí gnátháit oibre fostaithe in iúl sna conarthaí fostaíochta. Maidir le rialacha bunúsacha Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 a bhfuil sé mar aidhm leo cuideachtaí caocha a chomhrac agus critéir bhunaíochta chuí do chuideachtaí a áirithiú, tá siad comhlántach le Rialachán na Róimhe I agus nasctha go díreach leis. Is gá na rialacha sin a neartú chun cearta fostaithe agus iad ag obair ar bhonn sealadach lasmuigh dá dtír ina bhfuil a ngnátháit oibre a áirithiú, agus chun iomaíocht chóir idir gnóthais iompair a áirithiú. [Leasú 123]*

(17) Sa mhéid go dtugann an Rialachán seo isteach leibhéal comhchuihbhiúcháin i gcásanna áirithe nach raibh comhchuibhithe go fóill le dlí an Aontais, go háirithe maidir le hiompar le feithiclí tráchtála éadroma agus cleachtais forfheidhmiúcháin, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin, eadhon coinníollacha iomaíochta a mheas agus forfheidhmiú a fheabhsú, a ghnóthú go leordhóthanach ach mar gheall ar nádúr na gcuspóirí arna saothrú in éineacht le cineál trasteorann an iompair de bhóthar, gur fearr is féidir na cuspóirí a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá arna leagan amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú.

- (18) Chun forbairtí ar an margadh agus dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí liosta de chatagóirí, de chineálacha agus de leibhéil tromchúise maidir le sáruithe tromchúiseacha, sáruithe, mar aon leo sin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, lena bhféadfaí dea-cháil a chailleadh, agus chun Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Ferr¹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (19) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

¹ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) ~~seirísta~~ *cuirtear an méid seo a leanas in ionad* phointe (a);

'(a) gnóthais a bhíonn ag gabháil do ghairm an oibreora tarlaithe de bhóthar trí bhíthin mótarfheithiclí amháin ar lú a mais ualaithe incheadaithe ná 2.4 tona, lena n-áirítear leantóirí;

(aa) gnóthais a bhíonn ag gabháil do ghairm an oibreora tarlaithe de bhóthar trí bhíthin mótarfheithiclí amháin ar lú a mais ualaithe incheadaithe ná 3.5 tona, lena n-áirítear leantóirí, a bhíonn ag gabháil go heisiach d'oibríochtaí iompair náisiúnta;'

[Leasú 124]

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) gnóthais a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí iompair do phaisinéirí de bhóthar chun críocha neamhthráchtála go heisiach, nó a bhfuil príomhghairm acu seachas gairm an oibreora iompair phaisinéirí de bhóthar.

Aon iompar de bhóthar ~~nach bhfaightear aisíocaíocht ina leith agus nach ndéanann aon ioncam a ghiniúint, mar shampla iompar daoine chun críocha carthanais nó chun críocha príobháideacha~~ ***a bhfuil sé de chuspóir aige gan aon bhrabús a ghiniúint don tiomanaí ná do dhaoine eile, mar shampla i gcás ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil ar bhonn carthanais nó príobháideach***, déileáilfear leis an iompar sin mar iompar chun críocha neamhthráchtála go heisiach;'

[Leasú 125]

(b) — cuirtear an mhír 6 seo a leanas isteach:

~~'6. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3(1)(b) ná (d) ná ag Airteagail 4, 6, 8, 9, 14, 19 ná 21 maidir le gnóthais a bhíonn ag gabháil do ghairm an-oibreora tarlaithe de bhóthar trí bhíthin mótarfeithiclí nach mó a mais ualaithe ceadaithe ná 3,5 tonna nó cónasc feithiclí nach mó a mais ualaithe ceadaithe ná 3.5 tonna.~~

~~Féadfaidh na Ballstáit, áfach:~~

~~(a) — ceangal a chur ar na gnóthais sin roinnt de na forálacha nó na forálacha go léir dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm;~~

~~(b) — an teorainn dá dtagraítear sa chéad fhomhír a íslíú do gach catagóir oibríochtaí iompair de bhóthar nó do chuid díobh.;~~ **[Leasú 126]**

(2) in Airteagal 3, scriostar mír 2;

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

- (a) beidh áitreabh *iomchuí, atá i gcomhréir le gníomhaíochtaí an ghnóthais*, ag an ngnóthas *ag a mbeidh rochtain aige ar chóipeanna bunaidh* a phríomhdhoiciméad gnó, *bídís i bhfoirm leictreonach nó in aon fhoirm eile*, go háirithe a chonarthaí tráchtála, a dhoiciméid chuntasaíochta, a dhoiciméid uile maidir le bainistíocht foirne, a chonarthaí fostaíochta, *a dhoiciméid slándála sóisialta*, a dhoiciméid uile ina bhfuil sonraí maidir le *cabatáiste, postú agus* am tiomána agus tréimhsí sosa agus aon doiciméad eile a gcaithfidh rochtain a bheith ag an údarás inniúil air d'fhonn comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo a fhíorú; [Leasú 127]

(aa) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(aa) déanfaidh na feithiclí dá dtagraítear i bpointe (b), faoi chuimsiú conradh iompair, aon lódáil nó dílódáil amháin earraí ar a laghad gach ceithre seachtaine sa Bhallstát bunaíochta;’; [Leasú 128]

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) déanfaidh an gnóthas a ghníomhaíochtaí riaracháin agus tráchtála ar mhodh éifeachtach, leanúnach agus leis an trealamh agus leis na saoráidí iomchuí ag áitreabh *dá dtagraítear i bpointe (a)* atá suite sa Bhallstát sin;'; [Leasú 129]

(c) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

'(d) déanfaidh an gnóthas bainistíocht *éifeachtúil agus leanúnach* ar na hoibríochtaí iompair a dhéantar *trí úsáid a bhaint as* na feithiclí dá dtagraítear i bpointe (b) leis an trealamh teicniúil iomchuí sa Bhallstát sin;'; [Leasú 130]

(d) cuirtear an pointe (e) seo a leanas isteach:

'(e) beidh seilbh ag an ngnóthas ar shócmhainní agus fostóidh sé foireann i gcóimheas le gníomhaíocht na bunaíochta.';

(da) cuirtear pointe (f) seo a leanas isteach:

‘(f) beidh nasc soiléir ag an ngnóthas idir na hoibríochtaí iompair a dhéantar agus an Ballstát bunaíochta, lárionad oibríochta agus rochtain ar spásanna leordhóthanacha páirceála lena n-úsáid go rialta ag na feithiclí dá dtagraítear i bpointe (b);’; [Leasú 131]

(db) cuirtear pointe (g) seo a leanas isteach:

*‘(g) déanfaidh an gnóthas tiománaithe a earcú agus a fhostú faoin dlí is infheidhme maidir le conarthaí fostaíochta an Bhallstáit sin;’;
[Leasú 132]*

(dc) cuirtear pointe (h) seo a leanas isteach:

‘(h) áiritheoidh an gnóthas gurb í an bhunaíocht an áit ina ndéanann oibríthe, nó óna ndéanann siad, a gcuid oibre de ghnáth de réir Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a} agus/nó Choinbhinsiún na Róimhe.

** Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) (IO L 177, 4.7.2008, lch. 6).’;
[Leasú 133]*

(4) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas: (a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Agus cinneadh á dhéanamh acu an bhfuil an ceanglas sin maidir le dea-cháil comhlíonta ag gnóthas, cuirfidh na Ballstáit iompraíocht an ghnóthais, a bhainisteoirí iompair, a stiúrthóirí feidhmiúcháin, a chomhpháirtithe ginearálta i gcás comhpháirtíochtaí ginearálta, a ionadaithe dlí eile agus aon duine ábhartha eile san áireamh, de réir mar a fhéadfaidh an Ballstát a chinneadh. Aon tagairt atá san Airteagal seo do chiontuíthe, do phionóis nó do sháruithe, cuimseoidh sí ciontuíthe, pionóis nó sáruithe an ghnóthais féin, a bhainisteoirí iompair, a stiúrthóirí feidhmiúcháin, a chomhpháirtithe ginearálta i gcás comhpháirtíochtaí ginearálta, a ionadaithe dlí eile agus aon duine ábhartha eile de réir mar a fhéadfaidh an Ballstát a chinneadh.';

(ii) i bpointe (a) den tríú fomhír cuirtear an pointe (vii) seo a leanas isteach:

'(vii) an dlí cánach.';

(iii) i bpointe (b) den tríú fomhír cuirtear pointí (xi), (xii) **agus (xiii)** seo a leanas

:

'(xi) oibrithe a phostú;

(xii) an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha.;

(xiii) cabatáiste.'; [Leasú 134]

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Chun críocha phointe (b) den tríú fohír de mhír 1, i gcás ina ndéanfar an bainisteoir iompair nó an gnóthas iompair a chiontú i gcion coiriúil tromchúiseach nó i gcás ina dtabhóidh an bainisteoir iompair nó an gnóthas iompair pionós i mBallstát amháin nó i níos mó ná Ballstát amháin mar gheall ar cheann de na sáruithe is tromchúisí ar rialacha an Aontais, faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV iad, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit bhunaíochta nós imeachta riaracháin a chur i gcrích ar dhóigh atá iomchuí agus tráthúil agus a chríochnófar mar is cóir, lena n-áireofar, más iomchuí, seiceáil a dhéanamh ar áitreabh an ghnóthais lena mbaineann.

Le linn an nós imeachta riaracháin, tabharfar an ceart do bhainisteoir iompair an ghnóthais iompair nó d'ionadaithe dlí eile an ghnóthais iompair, de réir an cháis, chun a gcuid argóintí agus mínithe a chur i láthair.

Le linn an nós imeachta riaracháin, déanfaidh an t-údarás inniúil a mheas an freagairt dhíréireach a bheadh ann, de bharr imthosca sonracha, dea-cháil a chailliúint sa chás sin ar leith. Sa mheasúnú sin, cuirfidh an t-údarás inniúil san áireamh an líon sáruihte tromchúiseacha ar rialacha náisiúnta agus ar rialacha an Aontais dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 1, mar aon le líon na sáruihte is tromchúisí ar rialacha an Aontais, faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, ar rinneadh an bainisteoir iompair nó an gnóthas iompair a chiontú ina gcion nó ar gearradh pionóis orthu ina leith. Beidh réasúnú cuí ag aon chinneadh den sórt sin agus bonn cirt leis.

I gcás ina shuíonn an t-údarás inniúil go mbeadh sé díréireach dea-cháil a chailliúint, cinnfidh sé go bhfuil dea-cháil ar an ngnóthas lena mbaineann i gcónaí. Déanfar na cúiseanna leis an gcinneadh sin a thairfead sa chlár náisiúnta. Sonrófar líon na gcinntí sin sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 26(1).

Má mheasann an t-údarás inniúil nach mbeadh sé díreireach dea-cháil a chailliúint, caillfear dea-cháil de thoradh an chiontaithe nó an phionóis;'

(c) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

'2a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24 lena mbunaítear liosta de chatagóirí, de chineálacha agus de leibhéal tromchúise maidir le sárúithe tromchúiseacha ar rialacha an Aontais, dá dtagraítear i bpointe (b) den tríú fómhír de mhír 1, sárúithe, mar aon leo sin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, lena bhféadfaí dea-cháil a chailleadh. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh faisnéis faoi na sárúithe sin, lena n-airítear faisnéis a gheofar ó Bhallstáit eile, nuair a bheidh siad ag socrú na dtosaíochtaí le haghaidh seiceálacha de bhun Airteagal 12(1).

Chuirge sin, déanfaidh an Coimisiún:

- (a) na catagóirí agus na cineálacha sárúithe is minice a gcastar orthu a leagan síos;
- (b) leibhéal tromchúise na sárúithe a shainiú de réir a gcumais chun baol báis nó baol maidir le gortú tromchúiseach a chruthú agus **nó** a gcumais chun iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh iompair de bhóthair, lena n-áirítear tríd an mbonn a bhaint ó dhálaí oibre oibrithe iompair;
- (c) an mhinicíocht a sholáthar lena bhféachfar ar shraith sárúithe a théann thar an minicíocht sin mar shárúithe níos tromchúisí, ag cur san áireamh an líon tiománaithe a úsáidfeá le haghaidh na ngníomhaíochtaí iompair a bhainisteoidh bainisteoir iompair.!

(5) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

D'fhonn an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 3(1)(c) a chomhlíonadh, beidh gnóthas in ann a chuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh ar bhonn buan i rith na bliana cuntasáiochta bliantúla. Taispeánfaidh an gnóthas, ar bhonn na gcuntas bliantúil arna ndeimhniú ag iniúchóir nó ag duine atá creidiúnaithe faoi mar is iomchuí, go bhfuil caipiteal cothromais aige arb é EUR 9 000, ar a laghad, a móriomlán nuair nach n-úsáidtear ach aon fheithicil amháin agus EUR 5 000 gach bliain do gach feithicil bhreise arna úsáid ***ar mó a mais ualaithe ceadaithe ná 3.5 tona, lena n-áirítear leantóirí, agus EUR 900 do gach feithicil bhreise arna húsáid ag a bhfuil mais ualaithe ceadaithe idir 2.4 agus 3.5 tona, lena n-áirítear leantóirí.*** Taispeánfaidh gnóthais a bhíonn ag gabháil do ghairm an oibreora tarlaithe de bhóthair trí bhíthin mótarfeithiclí ***ag a bhfuil*** mais ualaithe ceadaithe ***idir 2.4 agus 3.5 tona, lena n-áirítear leantóirí,*** ar bhonn na gcuntas bliantúil arna ndeimhniú ag iniúchóir nó ag duine atá creidiúnaithe faoi mar is iomchuí, go bhfuil caipiteal cothromais aige arb é EUR 1 800, ar a laghad, a móriomlán nuair nach n-úsáidtear ach aon fheithicil amháin agus EUR 900 gach bliain do gach feithicil bhreise arna húsáid.'; [Leasú 136]

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. De mhaolú ar mhír 1, in éagmais cuntas bliantúil deimhnithe aontóidh an t-údarás inniúil go léireoidh gnóthas a sheasamh airgeadais trí bhíthin teastas, amhail ráthaíocht bhainc *nó árachas, lena n-áirítear árachas slánaíochta gairmiúla ó bhanc amháin nó níos mó ná banc amháin nó ó institiúidí airgeadais eile, lena n-áirítear cuideachtaí árachais*, nó doiciméad eile atá ceangailteach, *lena gcuirtear ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach ar fáil* don ghnóthas *maidir leis* na méideanna a shonraítear sa chéad fhomhír de mhír 1.'; [Leasú 137]

(5a) *in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:*

'Féadfaidh na Ballstát oiliúint thréimhsiúil ar na hábhair a liostaítear in Iarscríbhinn I a chur chun cinn ag eatrainmh 3 bliana chun a áirithiú go mbeidh a ndóthain eolais ag an duine nó na daoine dá dtagraítear i mír 1 ar fhorbairtí san earnáil.'; [Leasú 138]

- (6) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:
- '9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24 lena leasaítear Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí margaidh agus don dul chun teicniúil.';
- (7) in Airteagal 11(4), scriostar an tríú fomhír;
- (8) in Airteagal 12(2), scriostar *cuirtear an méid seo a leanas in ionad* an dara fomhír; ***'Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha gach trí bliana ar a laghad chun a fhíorú go bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 3 á gcomhlíonadh ag gnóthais.'*** **[Leasú 139]**
- (9) in Airteagal 13(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):
- '(c) teorainn ama nach faide ná sé mhí i gcás nach gcomhlíontar an ceanglas maidir le seasamh airgeadais, d'fhonn a thaispeáint go gcomhlíonfar an ceanglas sin arís ar bhonn buan.';
- (10) In Airteagal 14(1), cuirtear an dara fomhír seo a leanas isteach:
- 'Ní athshlánóidh an t-údarás inniúil an bainisteoir iompair níos lú ná bliain amháin ón dáta a chailltear an dea-cháil.';

(10a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14(2):

'2. Mura ndéanfar agus go dtí go ndéanfar beart athshlánúcháin i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta, ní bheidh deimhniú inniúlachta gairmiúla an bhainisteora iompair a dearbhaíodh a bheith mí-oiriúnach, dá dtagraítear in Airteagal 8(8), bailí a thuilleadh i mBallstát ar bith. Tarraingeoidh an Coimisiún suas liosta de bhearta athshlánúcháin chun dea-cháil a fháil ar ais.'; [Leasú 140]

(11) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(-ia) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) ainmneacha na mbainisteoirí iompair a bheidh ainmnithe chun na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 3 maidir le dea-cháil agus inniúlacht ghairmiúil a chomhlíonadh nó, de réir mar is iomchuí, ainm ionadaí dhlíthiúil'; [Leasú 141]

- (i) cuirtear na pointí (g), (h) (i) agus (j) seo a leanas isteach:
- '(g) uimhir chlárucháin na bhfeithiclé atá ar fáil don ghnóthas de bhun Airteagal 5(b);
 - (h) líon na ~~bhfostaithe~~ *ndaoinne a bhí fostaithe sa ghnóthas le linn na bliana féilire seo caite*; [Leasú 142]
 - (i) sócmhainní, dliteanais, cothromas agus láimhdeachas iomlán le linn an dá bhliain dheireanacha;
 - (j) grádú riosca an ghnóthais de bhun Airteagal 9 de Threoir 2006/22/CE.;
- (ia) cuirtear pointe (ja) seo a leanas isteach:**
- (ja) conarthaí fostaíochta na dtiománaithe idirnáisiúnta ón sé mhí roimhe seo; [Leasú 143]**

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír, an tríú mír agus an ceathrú mír:

~~'Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (e) go pointe (j) den chéad fhomhír a choimeád i geláir ar leithligh. Sa chás sin, cuirfead ar fáil na sonraí ábhartha arna n-iarraidh sin nó beidh siad inrochtana go díreach ag údaráis inniúla uile an Bhallstáit a bheidh i gceist. Cuirfead an fhaisnéis a iarrfar ar fáil laistigh de cúig lá oibre ón iarraidh a fháil. Beidh rochtain phoiblí ar na sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) den chéad fhomhír, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta. [Leasú 144]~~

~~Ar aon chuma, Ní bheidh rochtain ag údaráis seachas na húdaráis inniúla ar na sonraí dá dtagraítear i bpointe (e) go pointe (j) den chéad fhomhír ach i gcás ina mbeidh cumhachtaí bronnta go cuí orthu a bhaineann le maoirseacht agus le forchur pionós in earnáil an iompair de bhóthar agus má tá a gcuid feidhmeannach faoi mhionn rúndachta nó faoi oibleagáid fhoirmiúil rúndachta.'; [Leasú 145]~~

Chun críche Airteagal 14a de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009, beidh na sonraí dá dtagraítear i bpointe (j) ar fáil, arna iarraidh sin, do choinsíneoirí, seoltóirí lasta, conraitheoirí agus fochonraitheoirí..'; [Leasú 146]

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta go léir is gá chun a áirithiú go gcoimeádfar na sonraí go léir sa chlár leictreonach náisiúnta cothrom le dáta agus cruinn.';

(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. ***Chun éifeachtacht an fhorfheidhmithe trasteorann a mhéadú, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cláir leictreonacha náisiúnta idirnasctha agus idir-inoibritheach ar fud an Aontais tríd an gClár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU) dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/480 ón gCoimisiún, chun go mbeidh na sonraí dá dtagraítear i mír 2 inrochtana go díreach ag údaráis inniúla forfheidhmithe agus comhlachtaí rialaithe ar fad na mBallstát ar fad i bhfíor-am.'***; [Leasú 147]

(bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a chun rialacha comhchoiteanna a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go mbeidh na cláir leictreonacha náisiúnta idirnasctha agus idir-inoibritheach ina n-iomláine sa chaoi go mbeidh rochtain dhíreach agus fíor-ama ag údarás inniúil nó comhlacht rialúcháin in aon Bhallstát ar chlár leictreonach náisiúnta aon Bhallstáit mar a leagtar síos i mír 5. Áireofar ar na rialacha comhchoiteanna sin rialacha maidir le formáid na sonraí a mhalartófar, na nósanna imeachta teicniúla le haghaidh ceadú leictreonach a dhéanamh ar chlár leictreonach náisiúnta na mBallstát eile agus idir-inoibritheacht na gclár sin, mar aon le rialacha sonracha a bhaineann leis an rochtain ar shonraí, logúil sonraí agus faireachán a dhéanamh ar shonraí.’; [Leasú 148]

(c) scriostar mír 7;

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

'Airteagal 18

Comhar riaracháin idir Ballstáit

1. Déanfaidh ***Oibreoidh údaráis inniúla*** na Ballstáit pointe teagmhála náisiúnta a ainmniú a bheidh freagrach as malartú faisnéise leis na Ballstáit eile maidir le ~~cur i bhfeidhm~~ ***i ndlúthchomhar le chéile agus tabharfaidh siad cúnamh frithpháirteach agus aon fhaisnéis ábhartha eile dá chéile gan mhoill chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú*** an Rialacháin seo. ~~Faoi 31~~
Nollaig 2018, déanfaidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí a bpointí teagmhála náisiúnta a chur in iúl don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún liosta de na pointí teagmhála go léir a thiomsú agus cuirfidh sé an liosta sin ar aghaidh chuig na Ballstáit. Cuirfidh na Ballstáit aon athruithe maidir leis na pointí teagmhála in iúl don Choimisiún láithreach ***a éascú***. [Leasú 149]

- 1a. *Chun críocha mhír 1, déanfar comhar riaracháin dá bhforáiltear san Airteagal seo a chur chun feidhme trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI), a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a}, lenar féidir leis na hoibreoírí ar fad sonraí a chur ar fáil ina dteangacha féin. [Leasú 150]*
2. Ballstát a gheobhaidh fógra faoi shárú tromchúiseach ar tháinig ciontú nó pionós i mBallstát eile dá thoradh le linn an dá bhliain dheireanacha, déanfaidh sé an sárú sin a thaifeadadh ina chlár leictreonach náisiúnta.
3. Freagróidh na Ballstáit na hiarrataí ar fhaisnéis ó údaráis inniúla uile Bhallstáit eile agus ~~nuair is gá~~, déanfaidh siad seiceálacha, cigireachtaí agus imscrúduithe a bhaineann le comhlíonadh an cheanglais a leagtar síos in Airteagal 3(1)(a) ag oibreoírí iompair de bhóthar atá bhunaithe ina gcóir. Aon iarrataí ar fhaisnéis a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát, **beidh údar cuí leo agus** beidh siad réasúnaithe. Chuige sin, áireofar le hiarrataí léirithe inchreidte ar shárúithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar Airteagal 3(1)(a). [Leasú 151]

4. I gcás ina measfaidh an Ballstát iarrtha nach bhfuil an iarraidh réasúnaithe go leor, cuirfidh sé an Ballstát iarrthach ar an eolas dá réir laistigh de ~~dheich~~ **chúig** lá oibre. Cuirfidh an Ballstát iarrthach go mór leis an iarraidh. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, féadfaidh an Ballstát an iarraidh a dhiúltú.
[Leasú 152]
5. I gcás ina bhfuil sé deacair nó dodhéanta glacadh le hiarraidh ar fhaisnéis nó le seiceálacha, cigireachtaí nó imscrúduithe a dhéanamh, cuirfidh an Ballstát atá i gceist an Ballstát iarrthach ar an eolas laistigh de ~~dheich~~ **chúig** lá oibre, le eúiseanna. ~~Beidh plé ag~~ **ag tabhairt údar cuí leis an deacracht nó leis an dodhéantacht sin. Oibreoidh** na Ballstáit lena mbaineann **i gcomhar** le chéile d'fhonn réiteach a fháil ar aon deacracht a thagann chun cinn. **I gcás ina mbeidh fadhb ann fós leis an malartú faisnéise, nó ina ndiúltófar go leanúnach faisnéis a chur ar fáil gan údar cuí, féadfaidh an Coimisiún, agus é ar an eolas agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann, na bearta ar fad is gá a dhéanamh chun an cás a réiteach.**
[Leasú 153]

6. Mar fhreagairt ar iarrataí faoi mhír 3, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis a iarrtar ar fáil agus déanfaidh siad na seiceálacha, na cigearachtaí agus na himscrúduithe laistigh de ~~eúig~~ **chúig** lá is fiche oibre **déag** ón uair a gheobhaidh siad an iarraidh, **ach amháin má aontaítear teorainn ama eile idir na Ballstáit lena mbaineann nó** ach amháin i gcás inar chuir siad an Ballstát iarrthach ar an eolas nach bhfuil réasúnú cuí leis an iarraidh nó faoin dodhéantacht nó faoi na deacrachtaí de bhun mhír 4 agus mhír 5 **agus nach bhfuarthas aon réiteach ar na deacrachtaí sin.** [Leasú 154]
7. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidtear an fhaisnéis a chuirtear ar fáil dóibh i gcomhréir leis an Airteagal seo ach maidir leis an ábhar/na hábhair ar iarraidh í ina leith.
8. Cuirfear comhar agus cúnamh riaracháin frithpháirteach ar fáil saor in aisce.
9. Ní chuirfidh iarraidh ar fhaisnéis bac ar na húdaráis inniúla beartais a ghlacadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais d'fhonn sáruiithe líomhnaithe ar an Rialachán seo a imscrúdú agus a chosc.;

* ***Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún ('Rialachán IMI') (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1).;***

(12a) cuirtear Airteagal 18a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 18a

Bearta tionlacain

- 1. Déanfaidh na Ballstáit bearta tionlacain chun malartuithe idir oifigigh atá i gceannas ar an gcomhar riaracháin agus ar an gcúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit mar aon le hoifigigh atá i gceannas ar fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha is infheidhme sa Rialachán seo agus ar a bhforfheidhmiú a fhorbairt, a éascú agus a chur chun cinn.*
- 2. Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht theicniúil agus tacaíocht eile ar fáil chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar riaracháin agus chun an iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit a mhéadú, lena n-áirítear trí mhalartuithe foirne agus cláir oiliúna chomhpháirteacha a chur chun cinn, mar aon le tionscnaimh dea-chleachtais a fhorbairt, a éascú agus a chur chun cinn. Féadfaidh an Coimisiún, gan dochar do shainphribhléidí Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle sa nós imeachta buiséadach, úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais atá ar fáil chun an fothú acmhainneachta agus an comhar riaracháin idir na Ballstáit a neartú tuilleadh.*

3. *Bunóidh na Ballstáit clár athbhreithnithe piaraí ina mbeidh na húdaráis forfheidhmithe inniúla ar fad rannpháirteach, lena n-áiritheofaí uainíocht iomchuí na n-údarás forfheidhmithe inniúil atá ag déanamh athbhreithniú agus ar a bhfuil athbhreithniú déanta araon. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na cláir sin don Choimisiún gach dhá bhliain mar chuid den tuarascáil ar ghníomhaíochtaí na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 26.’;*
[Leasú 155]

(13) Scriostar Airteagal 24;

(14) cuirtear isteach an tAirteagal 24 a seo a leanas:

'Airteagal 24a

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(2) agus Airteagal 8(9) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón ...[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) agus Airteagal 8(9) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.*
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmhligthe a ghlactar faoi Airteagal 6(2) agus Airteagal 8(9) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.!

- (15) in Airteagal 25, scriostar mír 3;

(16) in Airteagal 26, cuirtear na míreanna 3, 4 agus 5 seo a leanas isteach:

3. Gach bliain, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil a tharraingt suas maidir le húsáid mótarfheithiclí ~~nach mó a~~ **ag a bhfuil** mais ualaithe ceadaithe ná 3.5 tonna nó cónaisc fheithiclí nach mó a mais ualaithe ceadaithe ná **idir 2.4 agus** 3.5 tona, **lena n-áirítear leantóirí, atá bainteach leis an iompar idirnáisiúnta agus atá bunaithe** ar a gcríoch agus cuirfidh siad an tuarascáil chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh an bhliain i ndiaidh dheireadh na tréimhse **tuarascála**. Áireofar na nithe seo a leanas sa tuarascáil sin:

[Leasú 156]

(a) uimhir na n-údaruithe a tugadh d'oibreoírí atá ag gabháil do ghairm an oibreora tarlaithe de bhóthar trí bhíthin mótarfheithiclí ~~nach nó a~~ **ag a bhfuil** mais ualaithe ceadaithe ná **idir 2.4 agus** 3.5 tonna nó cónaisc fheithiclí nach mó a mais ualaithe ceadaithe ná 3.5 tonna, **lena n-áirítear leantóirí, atá bainteach leis an iompar idirnáisiúnta**; [Leasú 157]

(b) líon na ~~bheithiclí nach mó a~~ **mótarfheithiclí ag a bhfuil** mais ualaithe ceadaithe ná **idir 2.4 agus** 3.5 tonna, **lena n-áirítear leantóirí, atá bainteach leis an iompar idirnáisiúnta**, atá cláraithe sa Bhallstát faoin 31 Nollaig gach bliain; [Leasú 158]

- (c) líon iomlán na bhfeithiclí nach mó a **mótarfeithiclí ag a bhfuil** mais ualaithe ceadaithe ná **idir 2.4 agus 3.5 tona, lena n-áirítear leantóirí, atá bainteach leis an iompar idirnáisiúnta**, atá cláraithe sa Bhallstát faoin 31 Nollaig gach bliain; **[Leasú 159]**
- (d) sciar measta na mótarfeithiclí nach mó a **ag a bhfuil** mais ualaithe ceadaithe ná 3.5 tonna nó cónaisc fheithiclí nach mó a mais ualaithe ná 3.5 tonna i ngníomhaíocht iomlán iompair de bhóthar na bhfeithiclí go léir atá cláraithe sa Bhallstát, miondealaithe de réir oibríochtaí (náisiúnta, idirnáisiúnta agus cabatáiste). **[Leasú 160]**

4. Ar bhonn na faisnéise arna bailiú ag an gCoimisiún faoi mhír 3 agus fianaise bhreise, déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2024 ar a dhéanaí, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le heabhlóid líon na bhfeithiclí ~~nach mó a~~ **ag a bhfuil** mais ualaithe ná **idir 2.4 agus 3.5 tonna** nó eónaise fheithiclí ~~nach mó a mais ualaithe ná 3.5 tonna~~, **lena n-áirítear leantóirí**, atá ag gabháil d'oibríochtaí q iompair de bhóthar. Ar bhonn na tuarascála seo, déanfaidh sé measúnú arís an gá bearta forlíontacha a mholadh. **[Leasú 161]**
5. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain maidir leis na hiarrataí atá déanta acu faoi Airteagal ~~18(3)~~ agus ~~(4)~~ **18**, na freagraí a fuair siad ó Bhallstáit eile agus na bearta atá déanta acu ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh.'; **[Leasú 162]**

(16a) cuirtear mír 5a seo a leanas isteach:

'5a. Ar bhonn na faisnéise arna bailiú ag an gCoimisiún faoi mhír 5 agus ar bhonn tuilleadh fianaise, cuirfidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2020 ar a dhéanaí, tuarascáil mhionsonraithe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar mhéid an chomhair riaracháin idir na Ballstáit, ar aon easnaimh a d'fhéadfadh bheith ann maidir leis sin agus ar bhealaí a d'fhéadfaí an comhar a fheabhsú. Ar bhonn na tuarascála sin, déanfaidh sé measúnú arís an gá bearta forlíontacha a mholadh.'; [Leasú 163]

(17) in Iarscríbhinn IV, i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) dul 50 % nó níos mó thar an uasteorainn tiomána laethúil le linn tréimhse laethúla oibre.'

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 mar a leanas:

(1) i mír 1 d'Airteagal 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Measfar gur iompar earraí ar fruiliú nó ar luaíocht atá i gceist le hiompar coimeádán nó pailléad folamh nuair atá sé faoi réir conradh iompair.';

(1a) i mír 1 d'Airteagal 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

'Beidh feidhm ag na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagail 8(2) agus 8(2a) den Rialachán seo freisin maidir le hiompar earraí isteach nó amach de bhóthar mar chéim thosaigh intíre agus/nó mar chéim dheiridh intíre den chomhthuras iompair mar a leagtar síos i dTreoir 92/106/CEE ón gComhairle.'

[Leasú 164]

(1b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(2):

'2. I gcás iompar ó Bhallstát chuig tríú tír agus vice versa, beidh feidhm ag an Rialachán seo i dtaca leis an gcuid sin den turas ar chríoch aon Bhallstáit a thrasnaítear in idirthuras. Ní chuirfear an turas in idirthuras sin san áireamh, áfach, agus an Treoir maidir le hoibrithe ar postú á cur i bhfeidhm. Ní bheidh feidhm aige i leith na coda sin den turas a dhéanfar ar chríoch Bhallstát an luchtaithe nó an díluchtaithe, a fhad agus nach bhfuil an comhaontú is gá idir an Comhphobal agus an tríú tír lena mbaineann tugtha i gcrích.'; [Leasú 165]

(1c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) iompar earraí i mótarfheithiclí ~~ar lú ná 3.5 tona~~ ar lú ná 2.4 tona a mais ualaithe incheadaithe, lena n-áirítear leantóirí;'; [Leasú 166]

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

'6. ciallaíonn 'oibríocht chabataíste' iompar náisiúnta ar fruiliú nó ar luaíocht a dhéantar ar bhonn sealadach i mBallstát óstach, lena n-áirítear an t-iompar ó phiocadh suas na n-earraí ag pointe lódála amháin nó níos mó go seachadadh na n-earraí ag pointe seachadta amháin nó níos mó, mar a shonraítear sa nóta coinsíneachta;'

(aa) *cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*

'7a. 'ciallaíonn 'idirthuras' turas ualaithe arna dhéanamh ag feithicil trí Bhallstát nó tríú tír amháin nó níos mó i gcás nach bhfuil an pointe tosaigh agus an ceann scríbe sna Ballstáit nó na tríú tíortha sin.'

[Leasú 167]

(3) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(-a) i mír 1, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

'(ba) a bhíonn ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta le feithiclí atá feistithe le tacagraf cliste mar a leagtar síos in Airteagal 3 agus Caibidil II de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*

** Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).'; [Leasú 168]*

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14b chun an Rialachán seo a leasú d'fhonn uastréimhse bailíochta an cheadúnais Chomhphobail a oiriúnú d'fhorbairtí margaidh.';

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14b chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú d'fhonn iad a oiriúnú don dul chun teicniúil.';

(4) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14b chun Iarscríbhinn III a leasú d'fhonn í a oiriúnú don dul chun teicniúil.';

(5) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. A luaithe a mbeidh earraí a iompraíodh le linn an iompair idirnáisiúnta ó Bhallstát eile nó ó tríú tír seachadta ar Bhallstát óstach, ceadófar ceadaithe do tharlóirí dá dtagraítear i mír 1 oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh sa Bhallstát óstach ~~nó i mBallstáit thadhla~~ leis an bhfeithicil céanna, nó más de chónasc cúpláilte í an fheithicil, an chuid is mótarfheithicil í den fheithicil chéanna. Laistigh de 5 lá ón ndíluchtú deireanach sa Bhallstát óstach le linn an iompair idirnáisiúnta isteach a tharlóidh an díluchtú deireanach le linn oibríocht chabatáiste, ***faoi réir an chonartha iompair is infheidhme***.'; [Leasú 169]

(aa) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Tar éis dheireadh na tréimhse 3 lá dá dtagraítear i mír 2, ní cheadófar do tharlóirí oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh sa Bhallstát óstach céanna leis an bhfeithicil chéanna, nó, más de chónasc cúpláilte í an fheithicil, le mótarfheithicil an chónaisc sin, laistigh de 60 uair an chloig tar éis filleadh ar Bhallstát bunáochta an tarlóra agus go dtí go mbeidh iompar idirnáisiúnta nua a thagann ón mBallstát ina bhfuil an gnóthas bunaithe curtha i gcrích acu.’; [Leasú 170]

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Ní mheastar seirbhísí tarlaithe de bhóthar náisiúnta arna ndéanamh sa Bhallstát óstach ag tarlóir neamhchónaitheach a bheith ag cloí leis an Rialachán seo ach amháin má tá an tarlóir in ann fianaise shoiléir a thabhairt faoin iompar idirnáisiúnta a rinneadh roimhe.';

(c) cuirtear an mhír 4a seo a leanas isteach:

'4a. Déanfar fianaise dá dtagraítear i mír 3 a chuir faoi bhráid oifigeach údaraithe cigireachta an Bhallstáit óstaigh nó a tharchur chuige arna iarraidh sin agus laistigh den tréimhse seiceála cois bóthair. ~~Féadfaidh í~~ ***Glacfaidh na Ballstáit leis go ndéanfar an fhianaise a*** chuir faoina bhráid nó a tharchur chuige go leictreonach i bhformáid struchtúrtha is féidir a athbhreithniú agus is féidir a úsáid go díreach le haghaidh stórála agus próiséala ar ríomhairí, amhail an ~~bille iompair truaile~~ ***leictreonach.*nóta coinsíneachta leictreonach faoin gCoinbhinsiún maidir leis an gConradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar (eCMR)***. Le linn na seiceála cois bóthair, ceadófar don tiománaí dul i dteagmháil leis an gceannoifig, leis an mbainisteoir iompair nó le haon duine nó eintiteas eile a bhféadfaidh an fhianaise dá dtagraítear i mír 3 a fhoráil. ’; [Leasú 171]

~~* Nóta coinsíneachta leictreonach faoin 'gCoinbhinsiún ar an gConradh le haghaidh Iompair Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar'.~~;

(5a) in Airteagal 9(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(ea) an luach saothair agus an tsaoire bhliantúil íoctha, mar a leagtar síos iad i bpointí (b) agus (c) den chéad fhomhír d’Airteagal 3(1) de Threoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

*** *Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).*’; [Leasú 172]**

(6) in Airteagal 10(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Scrúdóidh an Coimisiún an staid, ar bhonn na sonraí ábhartha go háirithe agus, tar éis dul i gcomhairle leis an gcoiste arna bhunú de bhun Airteagal 42(1) de Rialachán (CE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,** cinnfidh sé laistigh de mhí ón iarratas a fháil ón mBallstát an gá nó nach gá bearta coimirce agus, más gá, glacfaidh sé iad.

**** Rialachán (CE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).’**

(7) cuirtear isteach an tAirteagal 10a seo a leanas:

'Airteagal 10a

Seiceálacha ***Forfheidhmiú cliste*** [Leasú 173]

1. Eagróidh gach Ballstát seiceálacha sa dóigh go ndéanfar seiceáil i ngach bliain féilire ón 1 Eanáir 2020 ar 2 % ar a laghad de na hoibríochtaí cabatáiste uile a dhéanfar ar a gcéad. Méadóigh siad an céatadán go 3 % ar a laghad ón 1 Eanáir 2022. Is é a bheidh mar bhonn i ríomh an chéatadán sin gníomhaíocht chabatáiste iomlán sa Bhallstát i dtéarmaí tonnaí cileaméadair sa bhliain t-2, mar a thuairisceoidh Eurostat. ***Chun na hoibleagáidí a leagtar síos faoin gCaibidil seo a fhorfheidhmiú tuilleadh, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear straitéis forfheidhmithe náisiúnta chomhleanúnach i bhfeidhm ar a gcéad. Sa straitéis sin díreofar ar ghnóthais lena mbaineann rátáil ardriosca, dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** [Leasú 174]
- 1a. ***Áiritheoidh gach Ballstát go n-áireofar ar na seiceálacha dá bhforáiltear in Airteagal 2 de Threoir 2006/22/CE, i gcás inarb ábhartha, seiceáil ar oibríochtaí cabatáiste.*** [Leasú 175]

2. Díreoidh na Ballstáit ar na gnóthais a aicmítear a bhfeicfear baol breise a bheith ag baint leo maidir le sárú a dhéanamh ar fhorálacha na Caibidle seo a bhaineann leo. Chun na críche sin, laistigh den chóras aicmithe rioscaí arna bhunú acu faoi Airteagal 9 de Threoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** agus arna leathnú i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,**** déanfaidh na Ballstáit riosca sárúithe den sórt sin a láimhseáil mar riosca ina cheart féin.

2a. *Chun críocha mhír 2, beidh rochtain ag na Ballstáit ar an bhfaisnéis ábhartha agus ar na sonraí arna dtairfeadh, arna bpróiseáil nó arna stóráil ag an tacagraf cliste dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 agus i ndoiciméid leictreonacha iompair, amhail nótaí coinsíneachta leictreonacha faoin gCoinbhinsiún maidir leis an gConradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar (eCMR). [Leasú 176]*

- 2b. *Ní thabharfaidh na Ballstáit rochtain ar na sonraí sin ach do na húdaráis inniúla atá údaraithe sáruiithe ar ghníomhartha dlí a leagtar síos sa Rialachán seo a sheiceáil. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi shonraí teagmhála na n-údarás inniúil ar fad laistigh dá gcríoch atá ainmnithe acu chun rochtain a fháil ar na sonraí sin. Faoin ... [XXX], déanfaidh an Coimisiún liosta de na húdaráis inniúla ar fad a tharraingt suas agus cuirfidh sé ar aghaidh chuig na Ballstáit é. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill faoi aon athruithe a dhéanfar air ina dhiaidh sin. [Leasú 177]*
- 2c. *Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14b chun saintréithe na sonraí a mbeidh rochtain ag na Ballstáit orthu, na coinníollacha maidir lena n-úsáid agus na sonraíochtaí teicniúla maidir lena dtarchur nó maidir le rochtain a fháil orthu a leagan síos, lena sonrófar an méid seo a leanas go háirithe:*
- (a) *liosta mionsonraithe den fhaisnéis agus de na sonraí a mbeidh rochtain ag na húdaráis inniúla náisiúnta orthu, ina luafar, ar a laghad, am agus suíomh na dtrasnuithe teorann, na hoibríochtaí lódála agus dílódála, pláta clárúcháin na feithicle agus sonraí an tiománaí;*

(b) cearta rochtana na n-údarás inniúil, difreáilte i gcás inarb iomchuí de réir chineál na n-údarás inniúil, chineál na rochtana agus na críche a mbainfear úsáid as na sonraí ina leith;

(c) na sonraíochtaí teicniúla maidir le tarchur na sonraí nó an rochtain orthu dá dtagraítear i bpointe (a), lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an tréimhse uasta a choinneofar na sonraí, difreáilte i gcás inarb iomchuí de réir chineál na sonraí. [Leasú 178]

2d. Ní bheidh rochtain ar aon sonraí pearsanta dá dtagraítear san Airteagal seo, ná ní stórálfar iad, ach ar feadh na tréimhse is gá, agus sin amháin, chun na gcríoch sin dár bailíodh an fhaisnéis nó dá ndéantar iad a phróiseáil. A luaithe nach mbeidh gá a thuilleadh leis na sonraí sin chun na gcríoch sin, scriosfar iad. [Leasú 179]

3. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha comhbheartaithe cois bóthair ar oibríochtaí cabatáiste trí huair sa bhliain ar a laghad, *agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí iad i gcomhthráth le seiceálacha a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2006/22/CE*. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta atá i gceannas ar na rialacha i réimse an iompair de bhóthar a fhorfheidhmiú in dhá Bhallstát nó níos mó na seiceálacha sin a chur i gcrích ag an am céanna, agus gach údarás ag feidhmiú ar a chríoch féin. ~~Na pointí teagmhála náisiúnta arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****~~ Déanfaidh siad *na Ballstáit* faisnéis a mhalartú maidir le líon agus cineál na sárúithe arna mbrath i ndiaidh na seiceálacha comhbheartaithe cois bóthair. **[Leasú 180]**

*** *Treoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le coinníollacha íosta le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar (IO L 102, 11.4.2006, lch. 35).*

**** Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle (IO L 300, 14.11.2009, lch. 51).';

(8) cuirtear isteach Airteagal 14a agus Airteagal 14b seo a leanas:

'Airteagal 14a

Dlíteanas

Déanfaidh na Ballstáit foráil do smachtbhannaí *éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha* i gcoinne coinsíneoirí, seoltóirí lasta, conraitheoirí agus fochonraitheoirí mura gcomhlíonann siad Caibidil II agus Caibidil III, i gcás *inarb eol dóibh nó inar cheart gurb eol dóibh, go réasúnach*, go mbaineann sárúithe ar an Rialachán seo leis na seirbhísí iompair *a choimisiúnaíonn siad*.

I gcás ndéanann coinsíneoirí, seoltóirí lasta, conraitheoirí agus fochonraitheoirí seirbhísí iompair a choimisiúnú ó ghnóthais iompair lena mbaineann rátáil ísealriosca, dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2006/22/CE, ní bheidh siad freagrach as sárúithe, ach amháin i gcás ina gcruthaítear go raibh eolas acu ar na sárúithe sin i ndáiríre. [Leasú 181]

Airteagal 14b

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(2), agus (4) agus Airteagal 5(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus (4) agus in Airteagal 5(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.*****
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghactar faoi Airteagal 4(2), Airteagal 4(4) agus Airteagal 5(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

***** IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.';

(9) Scriostar Airteagal 15;

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

'Airteagal 17

Tuairisciú

1. Faoi cheann 31 Eanáir gach bliain, ar a dhéanaí, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún líon na dtarlóirí a raibh ceadúnais Chomhphobail ina seilbh acu an 31 Nollaig an bhliain roimhe sin agus líon na bhfíorchóipeanna deimhnithe a fhreagraíonn do na feithiclí a bhí i gcúrsaíocht an dáta sin.
2. Faoi cheann 31 Eanáir gach bliain, ar a dhéanaí, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún líon na bhfianuithe tiománaithe arna n-eisiúint chuig tiománaithe sa bhliain féilire roimhe sin maille le líon na bhfianuithe tiománaithe sin an 31 Nollaig an bhliain féilire roimhe sin.

3. ***Faoin ... [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ar a dhéanaí, cuirfidh na Ballstáit a straitéis forfheidhmithe náisiúnta arna glacadh de bhun Airteagal 10a faoi bhráid an Choimisiúin.*** Faoin 31 Eanáir gach bliain, ar a dhéanaí, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na ***hoibríochtaí forfheidhmithe*** a rinneadh sa bliain féilire roimhe sin de bhun Airteagal 10a, ***lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, líon na seiceálacha a rinneadh.*** Beidh líon na bhfeithiclí a seiceáladh agus líon na dtona-ciliméadar a seiceáladh san áireamh san fhaisnéis sin.'; [Leasú 182]
- 3a. ***Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le staid an mhargaidh iompair de bhóthair san Aontas a tharraingt suas roimh dheireadh 2022. Beidh anailís sa tuarascáil sin ar staid reatha an mhargaidh, lena n-áirítear meastóireacht ar éifeachtacht na rialuithe agus ar fhorbairt na gcoinníollacha fostaíochta sa ghairm..*** [Leasú 183]

Airteagal 3
Athbhreithniú

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach seo, ar thionchar Airteagal 2 go háirithe, faoi [3 bliana i ndiaidh dháta thrasú na Treorach seo] agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil ón gCoimisiún.
2. Mar thoradh ar an tuarascáil dá dtagraítear in mír 1, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht rialta ar an Treoir seo agus na torthaí meastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
3. I gcás inarb iomchuí, beidh tograí ábhartha ag gabháil leis na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

Airteagal 4
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [xx].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán